Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4335

15.7.2024

**Caingean arna tabhairt an 2 Bealtaine 2024 – Sánchez v an Coimisiún**

**(Cás T-229/24)**

(C/2024/4335)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Isabel Sánchez (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaithe: S. Rodrigues agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh ón mBord Roghnúcháin an 19 Nollaig 2022 gan ainm an iarratasóra a áireamh ar phainéal ionadaithe na n-iarrthóirí ar éirigh leo i gcomórtas oscailte EPSO/AD/391/21-1 – Saineolaithe i dtacaíocht theicniúil d'Athchóirithe Struchtúrach na mBallstát (AD7) a chur ar neamhní;

— an cinneadh ón gcosantóir an 24 Eanáir 2024 a chur ar neamhní, a mhéid is gá, lena ndiúltaítear do ghearán an iarratasóra a taisceadh an 14 Lúnasa 2023 faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh, i gcoinne an chinnidh thuasluaite;

— a ordú don chosantóir an t-iarratasóir a chúiteamh as an damáiste ábhartha agus morálta a bhain di, toisc gur cailleadh an deis a bheith ar an bpainéal ionadaithe agus a bheith earcaithe, chomh maith leis an damáiste morálta a bhain di agus a meastar gur EUR 5 000 atá i gceist;

— a ordú don chosantóir na costais go léir arna dtabhú ag an dlíodóir san achomharc seo a aisíoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear nár foilsíodh an nós imeachta marcála san fhógra comórtais.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear nár urramaíodh deighilt na bhfeidhmeanna idir an Bord Roghnúcháin agus EPSO.
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear nár ullmhaigh an Bord Roghnúcháin liosta de na hiarrthóirí go leir a chomhlíonann ceanglais an fhógra comórtais.
4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear nach raibh an córas marcála trédhearcach agus nárbh é an Bord Roghnúcháin a chinn an córas marcála, agus gur sáraíodh an dualgas cúiseanna a lua agus cearta cosanta an iarratasóra agus prionsabal an dea-riaracháin (diúltú rochtana ar a comhad).
5. An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear gur sáraíodh prionsabal an chomhionannais le linn an agallaimh réimsebhunaithe.